C/2026/1949

1.4.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/1949)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Muscadet Sèvre et Maine’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0494-AM03 — 8.1.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Muscadet Sèvre et Maine’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC ‘Muscadet Sèvre et Maine’ le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Lipéadú

Tuairisc

Chinn an grúpa táirgeoirí le haghaidh an ainmniúcháin na fíonta a ainmniú trí úsáid a bhaint as aonad geografach níos leithne tríd an téarma 'Vin de Loire' ['Fíon Loire'] a ghlacadh in ionad 'Val de Loire' ['Gleann Loire'].

Tá an t-athrú sin i gcomhréir leis an treo a ghlac táirgeoirí fíona an Loire a mhéid a bhaineann le cumarsáid.

Tá sé d'aidhm ag an athrú sin infheictheacht níos fearr a thabhairt don fhéiniúlacht sin agus í a ailíniú níos fearr le cúrsaí mar atá siad i ndáiríre i dtaobh na bhfíonta a tháirgeann saothróirí fíniúna an ghleanna.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Forálacha agra-chomhshaoil a chur isteach

Tuairisc

Cuireadh dhá fhoráil agra-chomhshaoil isteach sa tsonraíocht le haghaidh an ainmniúcháin: bainistiú an fhásra idir na sraitheanna agus ceanglas a bhaineann le moirfeolaíocht na fo-ithreach a athrú. Is é is aidhm don dá fhoráil cur le hinbhuanaitheacht an ainmniúcháin mar fhreagairt ar an athrú aeráide agus ar ionchais láidre shóisialta.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tús na buainte

Tuairisc

Is mian leis an ngrúpa táirgeoirí deireadh a chur leis an gceanglas maidir le forógra buainte chun an próiseas bainistithe a shimpliú agus aibíocht na bhfíonchaor a sheiceáil an tráth céanna.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airde na treilíse

Tuairisc

Baineadh an riail lena socraítear íosairde nó uasairde na sreang de réir na modhanna treilíse. I gcomhthéacs an téimh dhomhanda, níl an fhoráil sin ábhartha a thuilleadh maidir leis an ainmniúchán, agus is leor airde an duilliúir, fachtóir sa chóimheas torthaí/duilleog.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Pacáistiú fíonta '*sur lie*'

Tuairisc

Maidir leis an scoithdháta le haghaidh phacáistiú na bhfíonta '*sur lie*' ['ar an moirt'], is é is aidhm dó cur le solúbthacht agus an riail a oiriúnú d'fhíorchleachtais na saothróirí fíniúna. Dá bhrí sin, athraíodh an scoithdháta le haghaidh pacáistiú go dtí an 30 Meitheamh den bhliain N+ 2.

Ar mhaithe le soiléireacht agus le deighilt, tá na bealaí táirgthe teicniúla le haghaidh fíonta '*sur lie*' éagsúil anois le bealaí táirgthe fíonta lena ngabhann ainm geografach comhlántach chun aon mhearbhall a sheachaint. Aithníonn an grúpa táirgeoirí go ndéantar fíonta lena ngabhann ainm geografach comhlántach a bhuidéalú i ndáiríre tar éis a n-aibithe ar feadh 24 mhí ar a laghad, agus socraítear an íostréimhse atá ann faoi láthair ag 18 mí. Dá bhrí sin, molann an grúpa an íostréimhse aibithe d'fhíonta uile lena ngabhann ainm geografach comhlántach a chomhchuibhiú an 1 Deireadh Fómhair den bhliain N+ 2.

Sa lá atá inniu ann, tá níos mó agus níos mó saothróirí fíniúna san ainmniúchán ag cur a gcuid fíonta ar an margadh freisin agus rinne siad a n-eagrúchán a fhorbairt, go háirithe trína dtrealamh buidéalaithe a chomhthiomsú idir roinnt fíonghort. Thairis sin, ciallaíonn fadhbanna aeráide nach leor na cainníochtaí fíona buidéalaithe, neamhlipéadaithe atá ar fáil ar an eastát go minic chun ceanglais toirte miondíoltóirí móra a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is gá a bheith in ann fíonta ó roinnt eastát a chur le chéile chun baisceanna níos mó a chruthú.

Sa chomhthéacs sin, is cosúil go bhfuil an riail nach mór fíonta a bhuidéalú sna fíonlanna ina ndearnadh iad as dáta. Mar gheall ar dhul chun cinn teicniúil maidir le hiompar, go háirithe úsáid umar cuisnithe, is féidir a ráthú anois go gcaomhnófar cáilíocht an fhíona agus iad á n-aistriú.

Dá bhrí sin, méadaíodh an limistéar atá údaraithe le haghaidh pacáistiú, a bhí teoranta go dtí seo do na heastáit a tháirgeann fíonta '*sur lie*', chun limistéar geografach an ainmniúcháin agus an limistéar atá díreach in aice láimhe a áireamh.

Leasaíodh an roinn 'Nasc leis an limistéar geografach' dá réir sin.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Critéir anailíseacha

Tuairisc

Scriosadh an leibhéal aigéadachta luainí uasta sa tsonraíocht.

Tá sé luaite ag an ngrúpa táirgeoirí go bhféadfadh sé a bheith deacair an aigéadacht luaineach a theorannú ag 10 milleachoibhéis in aghaidh an lítir (0,49 g/l H_2SO_4) ar feadh tréimhsí fada aosaithe, a bhíonn idir 8 agus 10 mbliana uaireanta. Is cosúil go bhfuil an leibhéal a leagtar síos le rialacháin ghinearálta (18 milleachoibhéis in aghaidh an lítir nó 0,88 g/l H_2SO_4) níos oiriúnaí i ndeireadh na dála, go háirithe i bhfianaise éifeachtaí an athraithe aeráide, na dtréimhsí aosaithe níos faide i gcás na bhfíonta casta saibhre sin, agus ionchais tomhaltóirí atá ag athrú.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Dlús

Tuairisc

Íslíodh an dlús plandaithe go 5 000 planda in aghaidh an heicteáir.

Is é is aidhm don laghdú sin dlúis a chomhchuibhiú i measc na ATFCanna uile i limistéar fíonsaothrúcháin Nantes. Fágann sé freisin gur féidir iolrú trealaimh talmhaíochta a sheachaint ar fheirmeacha, go háirithe maidir le huirlisí curaíochta agus trealamh cóireála, amhail painéil téarnaimh. Ní mheastar go mbeidh tionchar ag an leasú sin ar cháilíocht an táirge.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais maidir le dearbhú

Tuairisc

I gcomhréir leis an leasú ar shonraíocht an ATFC 'Muscadet' a mhéid a bhaineann leis an laghdú ar an aga trasdoirte, laghdaíodh an sprioc-am chun athaicmiú mar an t-ainmniúchán sin a dhearbhú freisin. Féadfar é a dhéanamh anois ar a dhéanaí an 1 Nollaig den bhliain tar éis na buainte.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

An Cód Geografach a Thabhairt Cothrom le Dáta

Tuairisc

Tugadh liosta na mbardas sa limistéar geografach cothrom le dáta le Cód Geografach 2025. Ní athraíonn an leasú sin limistéar geografach an ainmniúcháin.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Nasc

Tuairisc

Leasaíodh an roinn 'Nasc' chun tuairiscí ar na tosca daonna atá as dáta anseo agus ansiúd (an líon oibreoirí, limistéir tháirgeachta, méideanna) a thabhairt cothrom le dáta.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tagairtí

Tuairisc

Tugadh sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (*Institut national de l'origine et de la qualité*, INAO) cothrom le dáta.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíonta

'Muscadet Sèvre et Maine'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0494-AM03 — 8.1.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Muscadet Sèvre et Maine'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíonta geala

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Is fíonta geala iad na fíonta.

Dea-bholadh

Bíonn cothromaíocht chigilteach ó thaobh blais de iontu idir maothlachas agus úire agus tagann cumhracht chasta dea-bholaithe chun cinn orthu lena mbaineann mionbholaithe ceannasacha torthaíocha nó bláthacha.

Blas

I gcásanna áirithe, fágann aibiú fada go mbíonn siad oiriúnach lena n-aosú. Pacáistítear go cúramach i mbuidéil iad chun a saibhreas aramatach a chaomhnú agus chun cur leis.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

Go ginearálta, bíonn na fíonta lena ngabhann an tásc '*sur lie*' ['ar an moirt'] cothrom sa bhéal, agus bíonn siad maothlach de ghnáth; bíonn cumhracht níos casta i gceist leo agus d'fhéadfaidís a bheith beagáinín broidearnúil mar gheall ar an dé-ocsaíd charbóin iarmharach a chruthaítear le linn an choipthe alcólaigh. Chun úire, saibhreas aramatach agus dé-ocsaíd charbóin inginiúil na bhfíonta a chaomhnú, cosnaítear iad ó ocsaídiú le linn a n-aosaithe. Buidéalaítear na fíonta, ós rud é go mbíonn an méid dé-ocsaíd charbóin iontu ró-ard chun iad a phacáil i gcoimeádáin sholúbtha, agus bíonn gá le cúram ar leith le linn a mbuidéalaithe.

D'fhéadfadh na fíonta a bheith oiriúnach lena n-aosú mar gheall ar an aibiú fada, mar shampla na fíonta sin lena ngabhann ainm geografach comhlántach:

— 'Château-Thébaud', ar saintréith dá fhíonta fíneáltacht agus galántacht a gcumhrachta de ghnáth, ar cumhracht í a bhíonn sa raon idir plandaí torthaíocha, bláthacha agus aramatacha, saintréithe a thagann le chéile sa bhéal lena ngabhann mionbhlasanna goirte, úra agus teanna;

— 'Clisson', ar saintréith dá fhíonta blas an-tiubhaithe agus dea-bholaithe déine, ar blas agus dea-bholaithe torthaí (aibí agus triomaithe) iad den chuid is mó;

— 'Gorges', a mbíonn fíonta dá chuid an-chumhachtach sa bhéal, blas a dtacaíonn aigéadacht agus searbhas mar aon le dea-bholaithe mianra agus meantóil leis;

— 'Goulaine', áit óna dtagann fíonta ar a mbíonn dianchumhracht de ghnáth, arb iad mionbhlasanna torthaí úra agus triomaithe agus miondifríochtaí bláthacha is mó a bhraitear uirthi, agus a aithnítear mar gheall ar a gcothromaíocht, a maothlachas, a searbhas an-éadrom agus a mblas mín marthanach sa bhéal;

— 'Mouzillon - Tillières', a ndúntar fíonta dá chuid agus iad úr, ar minic dea-bholaithe déine bláthacha, citris, luibhe aramatacha, mar aon le mionbhlasanna *brioche* agus mianra a bheith orthu tráth níos déanaí agus a dtacaíonn searbhas éadrom agus géire lena struchtúr tiubhaithe;

— 'Monnières - Saint-Fiacre', a ndéantar idirdhealú idir fíonta dá chuid agus fíonta eile ó am go chéile mar gheall ar na dea-bholaithe láidre torthaí triomaithe nó criostalaithe agus na mionbholaithe balsamacha a bhíonn orthu, agus iad sa bhéal tagann próifíl leathan agus flaithiúil lena mbaineann carachtar uachtarúil a chothromaítear le searbhas an-éadrom chun cinn orthu;

— 'Le Pallet', a ndéantar idirdhealú idir fíonta dá chuid agus fíonta eile go minic mar gheall ar a gcothromaíocht mhín sa bhéal agus a gcumhracht aramatach an-éadrom ar mó an ghné bhláthach a bhraitear uirthi.

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	-
Aonad aigéadachta iomlán íosta:	-
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Bíonn na fíonta geal, tirim agus socair. Bíonn na saintréithe seo a leanas iontu: - neart alcóil nádúrtha íosta 10 % de réir toirte; - uasmhéid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) 3 ghram in aghaidh an lítir; - uasmhéid nirt alcóil iomláin de réir toirte 12 % tar éis saibhriú. Comhlíonann an cion aigéid iomlán, an méid dé-ocsaíde sulfair iomlán agus an neart alcóil iarbhír na tairseacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Bíonn na fíonta geal, tirim agus socair.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

-

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

Is é 5 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe na bhfíniúnacha. Is é 2,20 méadar nó níos lú an fad idir na sraitheanna, agus is é idir 0,90 agus 1,10 méadar an spásáil idir na plandaí sa tsraith chéanna. Déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus 12 bhachlóg ar a mhéad i gceist in aghaidh an phlanda: - trí phrúnáil spoir agus 5 spor ar a mhéad i gceist in aghaidh an phlanda, - nó trí bhíthin prúnáil Guyot shingil nó dhúbailte. Déantar prúnáil roimh an gcéim bhachlaithe nó céim 5 ar an scála Eichhorn agus Lorenz. Gan beann ar an modh prúnála, féadtar na fíniúnacha a phrúnáil agus ceithre bhachlóg sa bhreis i gceist in aghaidh an phlanda, ar choinníoll nach bhfuil níos mó ná 12 craobh a thugann torthaí i gceist in aghaidh an phlanda sa bhliain ag an gcéim fheineolaíochta a chomhfhreagraíonn do 11 nó 12 dhuilleog.

Cleachtas fíoneolaíoch

-

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Toirmisctear aon chóireáil teasa ag teocht faoi bhun - 5 °C a dhéanamh ar an mbuaint fíona. Níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte a bheith níos mó ná 12 % tar éis saibhriú. Aibítear na fíonta ar a moirt fhíneálta nuair a thagann deireadh leis an gcoipeadh alcólach agus déantar sin go dtí an 1 Márta ar a laghad den bhliain tar éis bhliain na buainte. Fanann siad ar a moirt tráth an bhuidéalaithe nó nuair a sheoltar ón bhfíonlann ar dtús iad. Anuas ar an méid thuasluaite, is gá go gcomhlíonann na cleachtais fhíoneolaíochta a bhaineann leis na fíonta sin na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon/catagóir/cineál/cineál

Fíonta geala

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	66
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Melon B

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

1- *Limistéar geografach*

(a) Déantar gach céim den táirgeadh laistigh den limistéar geografach d'fhormheas an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag cruinniú den choiste náisiúnta ábhartha an 15 Meitheamh 2017. Maidir le teorainn an limistéir sin, ar an dáta ar a mbeidh an tsonraíocht seo formheasta ag an gcoiste náisiúnta ábhartha, beidh críoch na mbardas a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2025:

— Roinn Loire-Atlantique: Aigrefeuille-sur-Maine, Basse-Goulaine, Le Bignon (go páirteach), La Chapelle-Heulin, Château-Thébaud, Clisson, Divatte-sur-Loire (bardas tarmligthe La Chapelle-Basse-Mer amháin), Gétigné (go páirteach), Gorges, La Haie-Fouassière, Haute-Goulaine, Le Landreau, Le Loroux-Bottereau (go páirteach), Maisdon-sur-Sèvre, Monnières, Montbert (go páirteach), Mouzillon, Le Pallet, La Regrippière, Remouillé, Saint-Fiacre-sur-Maine, Saint-Hilaire-de-Clisson, Saint-Julien-de-Concelles, Saint-Lumine-de-Clisson, Les Sorinières (go páirteach), Vallet agus Vertou.

— Roinn Maine-et-Loire: Sèvremoine (bardais tharmligthe Saint-Crespin-sur-Moine agus Tillières amháin).

— Roinn Vendée: Cugand-la-Bernardière (cuid de bhardas tarmligthe Cugand amháin), Montaigu-Vendée (cuid de bhardas tarmligthe Saint-Hilaire-de-Loulay amháin).

Seolann an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta na léarscáileanna lena mbunaítear teorainneacha an limistéir gheografaigh arna bhformheas amhlaidh chuig hallaí baile na mbardas a áirítear i bpáirt. Tá na léarscáileanna sin le fáil ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide.

(b) Déantar gach céim de tháirgeadh na bhfíonta ar a bhfuil na hainmneacha geografacha comhlántacha 'Château-Thébaud', 'Clisson', 'Gorges', 'Goulaine', 'Monnières-Saint-Fiacre', 'Mouzillon- Tillières' agus 'Le Pallet' sna limistéir gheografacha a d'fhormheas an Institiúid le linn chruinnithe an choiste náisiúnta inniúil an 3 Bealtaine 2017 agus an 5 Meán Fómhair 2019.

Cuimsíonn teorainn na limistéar sin, ar an dáta a fhormheasann an coiste náisiúnta ábhartha an tsonraíocht seo, na bardais nó codanna díobh a liostaítear sa tsonraíocht, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2025.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Mar gheall ar uigeacht gharbh ithreacha an limistéir gheografaigh, arb iad seancharraigeacha is cúis léi, tosaíonn timthriall fáis na bhfíniúnacha go luath agus cuirtear teorainn lena spreacadh. Cuireann na geimhrí séimhe leis an tús luath sin, agus cosnaíonn solas gréine an tsamhraidh agus gaotha muirí an fásra ar ghalair. Cuireann na hithreacha sin soláthar measartha agus leanúnach uisce ar fáil don fhíniúin, rud a chinntíonn aibiú maith, mar gheall ar a gcúltaisce laghdaithe uisce agus a mbriseadh, a fhágann gur féidir leis an bhfíniúin fréamhacha doimhne a chur síos Bhí na tosca sin fabhrach leis na céadta blianta do roghnú an chineáil fíniúna Melon B a fhásann go luath, go háirithe mar go bhfuil na teochtaí measartha samhraidh sa limistéar geografach iontach go deo chun úire agus deabholaithe na bhfíonta ón gcineál geal éadrom sin a chaomhnú.

Tá stair fhada fíonsaothrúcháin an limistéir gheografaigh, a speisialtóireacht luath agus dlús na bhfíniúnacha atá mar shaintréithe dó an-fhabhrach le fada do chomhroinnt cleachtas. Ós rud é go raibh na táirgeoirí ag iarraidh barántúlacht a dtáirgí a chosaint, bhain siad aitheantas amach mar ainmniúchán tionscnaimh cláraithe ó 1936, i ndiaidh próiseas ar cuireadh tús leis sna 1920í, agus bhí siad ar cheann de na chéad limistéar a bhain sin amach sa Fhrainc.

Tá saineolas ag na hoibreoirí a chuireann ar a gcumas dóibh táirgeadh a rialú agus fíonchaora folláine a bhuain agus iad lánaibí. I gcomhréir le nósanna áitiúla, aosaítear na fíonta ar a moirt fhíneálta go dtí go bpacáistítear iad, gan aon trasdoirteadh. Fágann teochtaí séimhe geimhridh an limistéir gheografaigh, atá fabhrach don idirghníomhú leis an moirt, go dtagann feabhas leanúnach ar na fíonta le linn a n-aibithe, agus go n-éiríonn siad níos saibhre sa bhéal ón earrach dár gcionn. Trí bhuidéalú cúramach a dhéanamh, is féidir saintréithe fíor-riachtanacha an fhíona a chaomhnú, mar go leanann cuid de na dea-bholaithe de bheith ag forbairt tar éis pacáistithe. Leis an saineolas sin, atá an-oiriúnach d'acmhainn an chomhshaoil nádúrtha agus don chineál Melon B, is féidir leis na móilíní bolaidh a chruthaítear sa choipeadh agus réamhtheachtaithe na ndea-bholaithe gliocóisídeacha teacht chun cinn go hiomlán sna fíonta.

Agus iad buidéalaithe roimh shamhradh an dara bliain i ndiaidh na buainte, coinníonn fíonta lena ngabhann ainmniúchán tionscnaimh cláraithe a mharcáiltear le '*sur lie*' a n-úire shainiúil, ar úire í a fheabhsaítear a bhuí le broidearnach éadrom mar gheall ar an dé-ocsaíd charbóin iarmharach a chruthaítear le linn an phróisis fíonóireachta. Chun aon ocsaídiú a sheachaint, déantar na fíonta a phacáistiú go díreach sa limistéar geografach nó i bhfíorchóngar an limistéir. Oireann an cleachtas traidisiúnta sin, trína ndéantar an méid is lú láimhseála agus is féidir, go foirfe do chomhdhúile dea-bholaidh éadroma na bhfíonta a chaomhnú.

Is de bharr, go pointe áirithe, éagsúlacht na gcloch agus na hithreacha a thagann astu, na héagsúlachtaí topagrafacha agus na miondifríochtaí aeráide mar gheall ar achar na limistéar faoi fhíniúnacha i ndáil leis na dobharlaigh, castacht aramatach na bhfíonta. Fágann an leas a bhaineann táirgeoirí as éagsúlacht an chomhshaoil nádúrtha, mar aon le dianchleachtais fhíoneolaíocha, go bhfuil ar a gcumas dóibh gnéithe sonracha a aithint agus na hainmneacha geografacha comhlántacha a chur chun cinn, 'ainmneacha suaitheanta' an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint:

— 'Château-Thébaud', ag a bhfuil aeráid atá fabhrach d'fhás luath mar gheall go bhfuil sé suite san iarthar ar na cinn tíre le hais na habhann Maine. Fágann ithreacha an limistéir, ar as carraigeacha naghais agus eibheardhióiríte iad, gur féidir leis na fíniúnacha fréamhacha doimhne a chur síos agus gur féidir úrfhíonta a tháirgeadh a bhíonn lán le haigéid orgánacha a chuireann, tar éis tréimhse fhada aosaithe, táirgeadh fíonta mín agus diana a bhfuil an-úire agus an-mhianracht i gceist leo chun cinn;

— 'Clisson', ina bhfágann an t-idirghníomhú idir aeráid measartha déanach, na hithreacha éadoimhne gainmheacha a thagann as eibhear, fánaí géara bhruacha Sèvre nó Maine agus na cleachtais a dhírítear ar aibiú déanach na bhfíonchaor a bhaint amach agus aosú fada na bhfíonta ar a moirt fhíneálta, go mbíonn saibhreas sa bhéal i gceist leis na fíonta agus go mbíonn dea-bholaithe torthaíocha sainiúla orthu;

— 'Gorges', ina mbíonn fíonta a bhíonn beoga sa bhéal agus a mbíonn dea-bholaithe an-úr agus mianra orthu mar thoradh ar na hithreacha a cruthaíodh trí shíonchaitheamh na ngabrónna agus ar an aeráid áitiúil atá measartha déanach, mar aon le cleachtais a bhfuil sé d'aidhm acu na fíonchaora a bhaint sula mbíonn siad lánaibí, agus ansin na fíonta a aosú ar a moirt fhíneálta ar feadh tréimhse fhada i dtimpeallacht anaeróbach;

— 'Goulaine', ina bhfuil talamh, a forbraíodh ar charraigeacha meiteamorfach gan athrú den chuid is mó, ag a bhfuil aeráid a mhaolaítear go mór mar gheall ar a ghaireacht don Loire agus do na riasca. Cuireann sé sin le haibiú tapa na bhfíonchaor, ar fíonchaor iad óna dtáirgtear, a bhuí lena mbuaint agus iad lánaibí, fíonta léiritheacha cothroma agus ilúsáide a mbíonn dea-bholaithe torthaí úra agus triomaithe orthu;

— 'Monnières - Saint-Fiacre', lonnaithe ar iomairí agus leicne cnoic le hais Sèvre, ina mbíonn aibiú mall mar thoradh ar na hithreacha a d'fhorbair ar naghas íseal-aigéid, scoilte nó athraithe, rud a ligeann do na fíonchaora a bheith an-aibí, arb é sin is bun le fíonta tathagacha agus cumhachtacha ar a mbíonn mionbholaithe torthaí aibí, a bhíonn i leith torthaí criostalaithe;

— 'Mouzillon - Tillières', in oirthear an limistéir fíonsaothrúcháin, ina bhfabhraíonn an t-idirghníomhú idir aeráid ilchríochach agus ithreacha a cruthaíodh ar charraigeacha gabró ar bheagán athrú, d'aibiú luathaithe, as a dtagann fíonta a mbíonn dea-bholaithe déine orthu i ndiaidh aosú cúramach a thugann *brioche*, spíosraí, torthaí agus bláthanna chun cuimhne;

— 'Le Pallet', inar chabhraigh traidisiún fada an fhíonsaothrúcháin agus aontacht na dtáirgeoirí cur leis an saineolas chun an úsáid is fearr a bhaint as fíonchaora a bhuantar agus iad lánaibí ar ithreacha carraigeacha agus scoilte, rud a chuireann le comhchuibheacht bhlas na bhfíonta agus le míne a ndea-bholaithe bláthacha.

D'fhoghlaim na saothróirí fíniúna an chaoi le saintréithe aramatacha na bhfíonta sin a chaomhnú trí aon teagmháil le hocsaigin san aer a íoslaghdú le linn pacáistiú. Agus é sin á chur san áireamh agus i gcomhréir le nósanna áitiúla, pacáiltear na fíonta sin i mbuidéil san fhíonlann chéanna ina dtáirgtear iad.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/mhaolaithe breise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Ní mór fíonta atá incháilithe don tásc '*sur lie*' a phacáistiú sa limistéar críochaithe. Déantar iad a bhuidéalú san fhíonlann, ionas go ndéantar a laghad scinceála agus is féidir, idir an 1 Márta den bhliain i ndiaidh na buainte agus an 30 Meitheamh den dara bliain tar éis na buainte chun na cáilíochtaí a fhaightear trí mhodhanna sonracha fíonóireachta agus aibithe a chaomhnú, go háirithe a n-úire agus a ndea-bholaithe casta, agus a mbroidearnach éadrom mar gheall ar a gcion dé-ocsaíde carbóin inginiúla.

Is modh aibithe é trína ndéantar fíonta atá maothlach agus olartha, mar saibhrítear iad, go háirithe, le mannapróitéiní agus le comhdhúile eile mar thoradh ar uathalú na gcillbhallaí giosta. Tá an modh sin bunaithe ar easpa idirghabhála agus ar na fíonta a choimeád in atmaisféar atá lán le dé-ocsaíd charbóin, rud a theorannaíonn ocsaídiú agus scaoileadh na gcomhdhúl so-ghalaithe go mór. Buidéalaítear na fíonta, ós rud é go mbíonn an méid dé-ocsaíd charbóin iontu ró-ard chun iad a phacáistiú i gcoimeádáin sholúbtha, agus bíonn gá le cúram ar leith le linn a mbuidéalaithe. Fanann siad ar a moirt fhíneálta tráth an phacáistithe nó nuair a sheoltar ón bhfíonlann ar dtús iad.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/mhaolaithe breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le fíonóireacht, próiseáil, aibiú agus pacáistiú fíonta atá incháilithe don tásc '*sur lie*', cuimsítear bardais na ranna Loire-Atlantique, Maine-et-Loire agus Vendée a liostaítear sa tsonraíocht.

Déantar gach céim den tháirgeadh na bhfíonta ar a bhfuil na hainmneacha geografacha comhlántacha 'Château-Thébaud', 'Clisson', 'Gorges', 'Goulaine', 'Monnières-Saint-Fiacre', 'Mouzillon- Tillières' agus 'Le Pallet' sna limistéir gheografacha a d'fhormheas an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta le linn chruinnithe an choiste náisiúnta inniúil an 3 Bealtaine 2017 agus an 5 Meán Fómhair 2019.

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, comhfhreagraíonn an limistéar atá díreach in aice láimhe do limistéar atá díreach in aice leis an limistéar críochaithe atá i gceist.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Is féidir an tásc '*sur lie*' a chur i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa tsonraíocht táirge maidir le húsáid an táisc sin. Is féidir an t-ainmniúchán geografach 'Vin de Loire' a chur i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa tsonraíocht táirge. Is féidir na hainmneacha geografacha comhlántacha 'Clisson', 'Gorges', 'Le Pallet', 'Château-Thébaud', 'Goulaine', 'Monnières - Saint-Fiacre' agus 'Mouzillon - Tillières' a chur i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint maidir le fíonta a chomhlíonann na forálacha táirgthe a leagtar síos sa tsonraíocht táirge. Ní mór méid litreacha an táisc '*sur lie*' agus an ainm gheografaigh 'Vin de Loire', a bheith ar comhairde, ar comhleithead, agus ar comhthiús leis na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó ní mór iad a bheith níos lú ná iad. Maidir le fíonta a bhfuil an lipéad '*sur lie*' orthu nó ar a bhfuil na hainmneach geografacha comhlántacha Clisson', 'Gorges' nó 'Le Pallet', bíonn bliain an fhíona ar an lipéad freisin. Cuirfear na hainmneacha geografacha comhlántacha sa réimse amhairc céanna le hainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint. Tá méid litreacha na n-ainmneacha sin ar comhairde, ar comhleithead, agus ar comhthiús leis na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe nó tá siad níos lú. Fíonta nach bhfuil incháilithe d'ainm geografach comhlántach, féadfaidh siad aonad geografach níos lú a shonrú ar lipéid na bhfíonta, ar choinníoll: - gur logainm cláraithe é; - go bhfuil sé le feiceáil ar an dearbhú buainte. Bíonn an logainm priontáilte i litreacha nach mó, ar airde, ar leithead nó ar tiús, ná leath de mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint. Bíonn sé sa réimse amhairc céanna le hainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-55d03fa0-d4a5-4687-81e0-55c6353e73e2